Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Meitheamh 2021
(OR. en)**

**10235/21**

**VETER 53**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10070/1/21 REV 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le leas ainmhithe le linn cianiompar muirí chuig tríú tíortha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le leas ainmhithe le linn cianiompar muirí chuig tríú tíortha, a d'fhormheas an Chomhairle ('Talmhaíocht agus Iascach') ag an gcruinniú a bhí aici an 28-29 Meitheamh 2021.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE LEAS AINMHITHE LE LINN CIANIOMPAR MUIRÍ CHUIG TRÍÚ TÍORTHA

DE BHARR AN MHÉID SEO A LEANAS:

1. Tá tábhacht ar leith ag gabháil le saincheist an leasa ainmhithe do shaoránaigh na hEorpa agus aithnítear é faoi dhlí an Aontais Eorpaigh, go háirithe in Airteagal 13 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (AE).

2. Is tosaíocht ar leibhéal an Aontais é leas ainmhithe le linn a n-iompair agus ní mór é a áirithiú freisin le linn iompar idirnáisiúnta chuig tríú tíortha.

3. Sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Leas Ainmhithe, a glacadh in 2019[1], aithníodh an gá atá le leas ainmhithe a áireamh i gcomhaontuithe saorthrádála chun leas ainmhithe a chur chun cinn ar fud an domhain, agus an iomaíocht atá os comhair fheirmeoirí an Aontais sa trádáil dhomhanda.

4. Bunaíodh pointí teagmhála náisiúnta maidir le hiompar ainmhithe i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005. Is é is aidhm dóibh cúnamh frithpháirteach a chur chun cinn, dea-chleachtais a chomhroinnt, malartú faisnéise idir na Ballstáit a chur chun cinn agus plé a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú na reachtaíochta maidir le leas ainmhithe agus iad á n-iompar. Forbraíodh treoirdhoiciméid ina léirítear taithí agus dea-chleachtais na mBallstát maidir le rialuithe oifigiúla ar leas ainmhithe agus iad á n-onnmhairiú ag soithí beostoic.

5. D'éirigh le hArdán an Aontais maidir le Leas Ainmhithe, a bhunaigh an Coimisiún Eorpach in 2017, idirphlé maidir le leas ainmhithe a chur chun cinn i measc na n-údarás inniúil, na tionsclaíochta, na sochaí sibhialta agus na n-eolaithe. Dá bharr sin, d'éascaigh sé sin comhroinnt dea-chleachtas agus taithí eile. Tá leas ainmhithe le linn a n-iompair ar cheann de thosaíochtaí an ardáin seo. In 2018, bunaíodh foghrúpa ar leith de chuid an ardáin sin chun faisnéis theicniúil, moltaí agus dea-chleachtais ábhartha a sholáthar laistigh de raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1/2005.

[1] https://www.consilium.europa.eu/media/41863/st14975-en19.pdf

6. Sa tuarascáil forléargais ón gCoimisiún ar leas na n-ainmhithe a onnmhairítear ar muir[2], cuirtear chun suntais príomhláidreachtaí agus príomhlaigí chórais na mBallstát chun leas ainmhithe feirme a chosaint agus le linn a n-iompair ón Aontas Eorpach chuig tríú tíortha. Sainaithníodh sa tuarascáil pointí breise feabhais amhail an gá atá le hacmhainní iomchuí a mhéadú agus tacaíocht do rialuithe oifigiúla ag pointí imeachta. Sainaithníodh ann freisin an gá atá le hoifigigh cháilithe a bhfuil taithí acu rochtain a fháil ar chórais theicniúla ar bord, turais a phleanáil agus a fhormheas, pleanáil theagmhasach le haghaidh oibríochtaí, ról agus oibleagáidí na n-eagraithe agus na n-iompróirí ar muir chomh maith leis an ngá atá le haiseolas ó thríú tíortha, ó iompróirí nó ó mháistrí long ar an mbail a bhíonn ar ainmhithe le linn turas farraige agus ar theacht isteach dóibh.

7. Chun uirlisí a fhorbairt chun tacú le cigireachtaí na mBallstát ar shoithí beostoic, tá gá le comhar il-earnála idir na húdaráis inniúla agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, go háirithe an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí[3]. Is é an aidhm atá ann nósanna imeachta cigireachta a fheabhsú agus a chomhchuibhiú, trédhearcacht thorthaí na gcigireachtaí a mhéadú agus caighdeáin soithí agus cumarsáid le tríú tíortha a fheabhsú chun aiseolas córasach a fháil maidir le coinsíneachtaí beostoic a sheoltar ón Aontas.

8. In ainneoin an dul chun cinn a rinneadh maidir le forfheidhmiú Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle, tá réimsí ann fós ina bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí chun forálacha an rialacháin atá ann faoi láthair a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú agus chun an rialachán féin a fheabhsú.

9. Ina conclúidí maidir leis an Straitéis ón bhfeirm go dtí an forc[4], d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 a athbhreithniú agus a nuashonrú, i bhfianaise an eolais eolaíoch is déanaí, ionas gur féidir reachtaíocht a dhéanamh níos cuimsithí agus níos fusa a chur chun feidhme, rud a áiritheoidh sa deireadh go mbeidh leibhéal níos airde leasa ainmhithe ann. D'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún freisin an t-athbhreithniú sin a dhéanamh a luaithe is féidir chun athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht, go háirithe maidir le hiompar, a luaithe is féidir. Dá bhrí sin, seoladh próiseas seiceála oiriúnachta in 2020.

---

2 AS (Sante) 2019-6835
3 http://www.emsa.europa.eu/
4 12099/20

10. Le Rialachán (CE) Uimh. 1/2005, bunaítear creat dlíthiúil cheana féin maidir le hiompar ar thuras fada ag soithí beostoic. Mar sin féin, ní fhoráiltear sa rialachán do cheanglais chriticiúla áirithe i bhfianaise an eolais eolaíoch is nuashonraithe agus na taithí a fuarthas i réimsí amhail: oiliúint agus inniúlacht an phearsanra a láimhseálann ainmhithe beo le linn cianiompair; pleanáil turais; ról agus freagrachtaí an eagraí agus an iompróra; údarú iompróra agus deimhniúchán soithí; doiciméadacht an turais; pleanáil theagmhasach; ceanglais theicniúla soithí; agus rialuithe sonracha oifigiúla.

11. Tá córais rialaithe oifigiúla na mBallstát ríthábhachtach chun a áirithiú go gcomhlíonfar caighdeáin leasa ainmhithe agus go gcaithfear go daonnachtúil le hainmhithe, agus chun a ráthú go ndéanfar bearta leordhóthanacha chun pian agus fulaingt neamhriachtanach ainmhithe a sheachaint. Ní mór, dá bhrí sin, a áirithiú go mbeidh acmhainní cuí, lena n-áirítear uirlisí teicneolaíochta agus saineolas ag na húdaráis inniúla chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh agus chun measúnú a dhéanamh ar dhálaí sonracha le linn na ngníomhaíochtaí ábhartha ag na céimeanna uile a bhaineann le soithí iompair beostoic.

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH MAR A LEANAS:**

12. **AITHNÍONN SÍ** gur bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ceanglais bhreise maidir le leas ainmhithe agus lena n-iompar ar muir, rud a fhágann go bhfuil feabhas tagtha ar na dálaí ina n-iompraítear ainmhithe.

13. **AITHNÍONN SÍ** go bhfuil dul chun cinn déanta i ndáil le forfheidhmiú Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle maidir le hainmhithe a chosaint le linn iompair agus le linn oibríochtaí gaolmhara agus **TACAÍONN SÍ** le gníomhaíochtaí breise atá le déanamh sa ghearrthéarma ar leibhéal na mBallstát i ndáil leis an méid sin.

14. **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** nach mór tús áite a thabhairt do ghníomhaíochtaí gearrthéarmacha na mBallstát maidir leis na hábhair seo a leanas: pleanáil turais, sábháilteacht mhuirí agus comhréireacht le ceanglais theicniúla na soithí, seiceálacha réamhluchtaithe na soithí agus na n-ainmhithe, chomh maith le neamh-chomhréireachtaí idir na Ballstáit a chur in iúl.

15. **MEASANN SÍ**, in ainneoin an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le forfheidhmiú Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle, nach mór an reachtaíocht sin a fheabhsú a thuilleadh agus dálaí leasa iomchuí a ráthú le linn cianiompar ainmhithe beo.

16. **MEABHRAÍTEAR DI** gur cheart aon leasuithe ar an reachtaíocht atá ann cheana nó ar an reachtaíocht nua a bheith bunaithe ar an eolas teicniúil eolaíoch is déanaí, lena n-áiritheofaí foráil do tháscairí ainmhí-bhunaithe de réir mar a fhorbraítear agus a bhailíochtaítear iad, an taithí a fuair na Ballstáit, torthaí an phróisis leanúnaigh seiceála oiriúnachta agus an mheasúnaithe tionchair shocheacnamaíoch chomhfhreagraigh, infhaighteacht na n-uirlisí teicneolaíochta chun tacú le rialuithe oifigiúla, chomh maith le héagsúlacht na suíomhanna geografacha agus na gcóras táirgeachta san Aontas.

17. **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún togra a thíolacadh le haghaidh rialachán athbhreithnithe maidir le leas ainmhithe le linn iompair níos luaithe, más féidir, ná mar a léirítear sa Straitéis maidir leis an bhFeirm go dtí an Forc ('R4 2023').

18. **CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT** gur tosaíocht ar leibhéal an Aontais é leas ainmhithe agus iad á n-iompar agus gur cheart an leas sin a áirithiú ar gach leibhéal agus ag gach céim den turas le linn cianiompar idirnáisiúnta ainmhithe beo, lena n-áirítear chuig tríú tíortha, agus taobhú leis agus tacú, a mhéid is féidir, le hiompar ábhair ghéinitigh agus feola.

19. **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR AN GÁ** atá le próiseas údarúcháin a bhunú do na heagraithe agus a cheangal go mbeadh eagraí amháin ann, in aghaidh gach turais soithigh beostoic, a dhéanfaidh cumarsáid leis na hÚdaráis Inniúla go léir lena mbaineann.

20. **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún ról tábhachtach an iompróra ar muir a chur i dtábhacht, go háirithe an oibleagáid faisnéis a chur in iúl roimh an turas, agus na gníomhaíochtaí a ghlacfar nuair a bhíonn imeachtaí ann le linn an turais a d'fhéadfadh sláinte agus leas ainmhithe a chur i mbaol.

21. **CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT** an próiseas maidir le húdarú iompróirí ar muir agus deimhniú soithí a fheabhsú agus a chaighdeánú, is é sin: an doiciméadacht a iarrfar; ceanglais theicniúla an tsoithigh; na cáilíochtaí agus an taithí nach mór a bheith ag na húdaráis inniúla le haghaidh próiseas formheasta soithigh; an sainmhíniú ar bhratacha an stáit agus na cumainn aicmiúcháin a nglacfar leo; na critéir shonracha maidir le húdarú a fhionraí/a tharraingt siar; fad bhailíocht an deimhniúcháin; sainiú ar ról agus ar fhreagrachtaí ionadaí an Aontais de chuid iompróir ó thríú tír.

22. **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR AN GÁ** atá le feabhas a chur ar oiliúint agus ar inniúlacht an phearsanra a láimhseálann ainmhithe beo le linn luchtaithe, díluchtaithe agus muiriompair, trí chúrsaí oiliúna maidir le leas muiriompair a aithníonn an tAontas a bhunú agus trí íostréimhse thraenála agus thaithí a shainiú, mar aon le fianaise leormhaith ina leith sin, do phearsanra i dtaca le láimhseáil agus iompar ainmhithe.

23. **MOLANN SÍ** go mbeadh tréidlia i láthair, le linn an turais, chun cur chun feidhme na gcaighdeán sláinte agus leasa ainmhithe ábhartha a fhíorú.

24. **CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT** a thábhachtaí atá plean an turais, i gcomhar le lárionaid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe sna tríú tíortha cinn scríbe, agus an gá atá le nósanna imeachta comhchuibhithe a bhunú chun é a bhailíochtú; tuilleadh feabhais a chur ar an gcumarsáid agus ar an gcomhar idir na Ballstáit agus na heagraithe sula ndéanfar pleananna turais a bhailíochtú agus sula gcuirfear tús leis na hoibríochtaí; comhchuibhiú an phlean turais curtha in oiriúint don turas farraige go dtí go mbeifear ag díluchtú i dtríú tír.

25. **MOLANN SÍ** don Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe a ról a neartú lena n-éascaítear an chumarsáid agus an comhar idir an tír is ceann scríbe agus an tír thionscnaimh i gcás aon saincheisteanna lena gcuirfí sláinte agus leas ainmhithe i mbaol le linn iompar ainmhithe beo.

26. **TATHANTAÍONN SÍ** ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar an ngá atá le feabhas a chur ar na ceanglais dhlíthiúla maidir le coinníollacha teicniúla sonracha a bhaineann le soithí amhail na ceanglais maidir le haeráil, rialú teochta, tógáil cró, cothabháil agus draenáil.

27. **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR GUR GÁ** úsáid a bhaint as na cumhachtuithe atá ar fáil i Rialachán (AE) 2017/625 agus Rialachán (CE) Uimh. 1/2005, go dtí go ndéanfar é a athbhreithniú amach anseo, chun treoir ábhartha eolaíoch theicniúil (e.g. torthaí iniúchtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún Eorpach) a chur san áireamh, mar aon le torthaí phléití na mBallstát ar dhoiciméad líonra na bpointí teagmhála i ndáil le soithí beostoic, chomh maith leis an bhféidearthacht go dtabharfaí isteach teicneolaíochtaí nua lena bhfeabhsófaí agus lena gcuirfí chun cinn rialuithe oifigiúla ar shoithí beostoic.

28. **CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT** a thábhachtaí atá sé comhchuibhiú a dhéanamh ar an bhfaisnéis ba cheart do na húdaráis inniúla a fháil maidir leis na codanna éagsúla den turas, na híoscheanglais a bhunú do phointí imeachta chun aire a thabhairt do na hainmhithe agus a riachtanais, agus teimpléad tuarascála a ullmhú a bheidh le comhlánú ag an údarás inniúil ag an gceann scríbe.

29. **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí na conclúidí seo maidir le muiriompar a chur i bhfeidhm maidir le modhanna eile iompair.